



Vacsaíniú chun cosaint a thabhairt i gcoinne HPV

Eolas do thuismitheoirí agus do
dhaoine atá incháilithe don vacsaíniú
cúitimh HPV





Clár Ábhar

Faoin gcóras vacsaínithe cúitimh HPV	2
Maidir leis an mbileog seo	3
Vacsaín HPV - tuilleadh eolais	4
Ceisteanna coitianta	6



Maidir leis an gclár vacsaínithe cúitimh HPV

Tá clár vacsaínithe cúitimh HPV ar fáil anois do mhic léinn ar tairgeadh an vacsaín HPV dóibh roimhe seo ach nach bhfuair sí.

Mar gheall ar chlár vacsaínithe na scoileanna, is féidir le mic léinn (fireann agus baineann) an vacsaín HPV a fháil saor in aisce anois mura bhfuair siad í roimhe seo.

Is de bharr an deis aonuaire seo a chinntítear go mbeidh deis eile ag mic léinn chun cosaint a fháil in aghaidh ailsí a bhaineann le HPV.

Tairgfear an clár cúitimh HPV ar bhonn céime. Déanfar teagmháil go díreach le tuismitheoirí nó le caomhnóirí mac léinn incháilithe nuair atá sé in am dá bpáiste an vacsaín a fháil.

Vacsaín HPV

Is substaint í vacsaín a chuireann imdhíonacht (cosaint) ar fáil i leith galar ar leith. Cosnaíonn an vacsaín HPV ar an víreas HPV, víreas a bhféadfadh bheith ina chúis le haisle.

Maidir leis an mbileog seo

Tá an bhileog seo ann do thuismitheoirí, do mhic léinn, agus dóibh siúd atá i dteideal vacsaíniú cúitimh HPV a fháil. Tá súil againn go léann thuismitheoirí agus mic léinn é le chéile. Beidh foirne vacsaínithe FSS ag tairiscint vacsaíní leanúnacha HPV do:

- Gach duine ar tairgeadh an vacsaíniú HPV dóibh ar scoil roimhe seo agus nach bhfuair vacsaíniú.

Tairgfear daoine atá i dteideal vacsaín HPV:

Dáileog vacsaíne amháin

Má tá córas imdhíonachta sláintiúil acu nó

Trí dháileog vacsaíne

Má tá siad imdhíon-lagaithe (daoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu).

Má tá do pháiste 15 bliana d'aois nó níos óige caithfidh thuismitheoirí agus caomhnóirí an t-eolas seo a léamh agus toiliú chun a thaispeáint go n-aontaíonn siad lena bpáiste an vacsaín seo a fháil.

Is féidir le daoine atá 16 bliana d'aois nó níos sine toiliú dóibh féin. Má tá tú idir 16 bliana agus 19 mbliana d'aois, le do thoil, léigh an t-eolas seo.

Insíonn an bhileog seo duit faoi:

- an vacsaín HPV - cad air a gcosnaíonn sí agus na dáileoga atá ag teastáil
- Tugann na foirne vacsaínithe cuairt ar
- ceisteanna coitianta
- cá háit ar féidir leat tuilleadh eolais a fháil
- Toiliú

Má tá ceist agat faoi aon chuid den bhileog seo, le do thoil, téigh i dteagmháil le ball den fhoireann vacsaínithe.

Gheobhaidh tú sonraí teagmhála ar www.hpv.ie.

Vacsaín HPV – tuilleadh eolais

Cad é HPV?

Is ionann HPV agus ‘papalómaivíreas daonna’, rud ar grúpa de bhreis is 100 víreas é. Tá an víreas HPV an-choitianta; tógfaidh an chuid is mó de dhaoine ionfhabhtú HPV de chineál éigin i rith a saoil. Féadann tú an víreas HPV a tholghadh trí bheith gníomhach go gnéasach le duine a bhfuil an víreas air nó uirthi cheana féin. Ní gá formhór na n-ionfhabhtuithe HPV a chóireáil. Mar sin féin, i gcás daoine áirithe, féadfaidh sé go mairfidh an t-ionfhabhtú HPV ina gcorp agus féadfaidh sé bheith ina chúis le hailse freisin. Bíonn HPV ina chúis le faithní na mball giniúna chomh maith.

Tugann an vacsaín HPV cosaint ar ailse cheirbheacs agus ar ailsí eile. Gardasil 9 is ainm don vacsaín HPV.

Tá ionfhabhtuithe an-choitianta i measc na mban agus na bhfear; tiocfaidh ionfhabhtú HPV ar níos mó ná 80% de dhaoine le linn a saoil.

Cén fáth a dtugtar an vacsaín HPV?

Tá an vacsaín HPV á tairiscint do chailíní sa chéad bhliain sa mheánscoil ó 2010. Ó Mheán Fómhair 2019, tairgtear an vacsaín HPV do bhuachaillí fosta. Dá mhéad daoine óga atá vacsaínithe – idir bhuachaillí agus chailíní – is ea is fearr is féidir scaipeadh an ionfhabhtaithe a rialú.

Cé na tíortha ina dtugtar vacsaín HPV?

Tugann níos mó na 140 tír agus críoch vacsaín HPV anois mar chuid dá sceideal náisiúnta imdhíonta, agus tugann níos mó ná 70 de na tíortha sin an vacsaín do bhuachaillí agus do chailíní. I measc na dtíortha sin, tá:

- An Astráil
- An Nua-Shéalainn
- An Iorua
- An Ríocht Aontaithe
- Na Stáit Aontaithe

Tugtar an vacsaín HPV chun ailse a chosc in 3 thír as gach 4 thír ar fud an domhain.

Tá tuilleadh eolais faoi rath na gclár sin ar www.hpv.ie

Cad iad na hailsí a bhféadfadh HPV bheith ina chúis leo?

Is féidir le HPV raon loit réamh-ailseach - cealla neamhghnácha a chruthú i bhfir agus i mná araon. Is é HPV is cúis le beagnach 10 as 10 n-aipse cheirbheacs.

Bíonn cineálacha ardriosca HPV ina chúis freisin le tuairim is:

- 5 as 10 aipse den phit
- 6 as 10 n-aipse an bhéil agus an scornach (ailsí bhéalfharaingeach)
- beagnach 7 as 10 n-aipse den fhaighin
- 9 as 10 n-aipse den anas
- beagnach 4 as 10 n-aipse den bhod.

Cé mhéad dáileog den vacsaín HPV atá de dhíth?

Mhol an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (CCNI) nach mbeadh ach dáileog amháin den vacsaín HPV ag teastáil ó fhormhór na ndaoine tríd an gclár vacsaínithe scoile.

- Moltar 3 dháileog den vacsaín HPV do dhaoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu. Caithfear plé a dhéanamh air seo le speisialtóir an duine óig.

Tá an vacsaín HPV faighte ag níos mó ná 590,000 mac léinn in Éirinn agus ag 100 milliún duine ar fud an domhain.

HPV is cúis le 1 as 20 cás aipse ar fud an domhain.

Ceisteanna Coitianta

An féidir le mic léinn a shocrú chun fanacht agus an vacsaín HPV a fháil ag am níos déanaí mar chuid den chlár vacsaínithe cúitimh?

Ní féidir. Is deis uair amháin é an clár vacsaínithe cúitimh HPV FSS do dhaoine nach bhfuair an vacsaín HPV nuair a tairgeadh dóibh roimhe seo.

Ní thairgfear vacsaíniú cúitimh HPV do na mic léinn seo níos déanaí.

Má shocraíonn tú fanacht go dtí go mbeidh do pháiste níos sine chun an vacsaín a fháil, beidh ort é nó í a vacsaíniú trí do dhochtúir teaghlaigh agus beidh ort íoc as an táille riaracháin agus as na vacsaíní.

An bhfuil spriocdháta ar an tairiscint seo?

Tá. Ní bheidh an tairiscint seo ar fáil ach go dtí deireadh na bliana acadúla.

An bhfaighidh mé taifead ar na vacsaíní a tugadh?

Gheobhaidh. Ar lá an vacsaínithe, déanfaidh an fhoireann vacsaínithe scoile na pasanna imdhíonta a uasdátú. Mura bhfuil pas imdhíonta agat, tabharfaidh ball den fhoireann vacsaínithe ceann duit i ndiaidh an vacsaínithe.

Conas is féidir le mic léinn/ ullmhú do lá an vacsaínithe?

Ar lá an vacsaínithe, ba cheart do dhaltaí:

- Bricfeasta a ithe
- Barréide ghearrmhuinchilleach scaoilte a chaitheamh



Conas atá a fhios againn go bhfuil vacsaíní sábháilte?

Tá na vacsaíní go léir sábháilte agus tá sé cruthaithe go sábháilte siad beatha daoine agus chun tinneas tromchúiseach a chosc. Déanann comhlachtaí idirnáisiúnta monatóireacht dhocht agus athbhreithniú ar vacsaíní go minic, comhlachtaí lena n-áirítear:

- an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
- an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach

Tá sé tuairiscithe go leanúnach ag gach comhlacht idirnáisiúnta go bhfuil na vacsaíní a úsáidtear in Éirinn sábháilte gan aon fho-iarmhairtí fadtéarmacha ar eolas.

An bhfuil fo-iarsmaí gearrthéarmacha ag vacsaín HPV?

Níl aon fhadhb ag formhór na ndaoine tar éis na vacsaíne HPV. Is féidir le cuid acu achar péine, at agus deargadh a bheith ina lámh inar tugadh an t-instealladh. B'fhéidir go bhfaighidh cuid acu tinneas cinn, go mbraitheann siad tinn ina mbolg nó go rithfidh siad teocht bheag. De ghnáth téann sé seo tar éis lá nó dhó.

An bhfuil fo-iarsmaí fadtéarmacha ag vacsaín HPV?

Níl aon fho-iarsmaí fadtéarmacha doiciméadaithe de vacsaín HPV.

An gá do dhaoine freastal ar scagadh ceirbheacsach fiú má tá siad vacsaínithe?

Is gá. Cé go gcosnaíonn an vacsaín HPV ar an gcuid is mó d'ailsí ceirbheacs, ní chosnaíonn sí orthu go léir. Mar sin, tá sé fós tábhachtach do mhná agus do dhaoine a bhfuil ceirbheacs acu freastal ar a scagthástáil ceirbheacs HPV gach uair a thugtar cuireadh dóibh.

Tá scagadh ceirbheacs HPV saor in aisce do dhaoine idir 25 agus 65 bliain d'aois. 'Is féidir leat tuilleadh a léamh ar hse.ie/cervicalcheck

Fo-iarmhairtí a thuairisciú

Más dóigh leat go bhfuil fo-iarmhairt ortsa nó ar do pháiste i ndiaidh vacsaín a fháil, is féidir leat é sin a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ag <http://www.hpra.ie>. Is féidir le do dhochtúir, d'altra, nó do phoitigéir nó le ball clainne an fho-iarmhairt a thuairisciú don ÚRTS freisin.

An fhoirm thoilithe do vacsaíní

Má tá tú 16 bliana d'aois nó níos sine, is féidir leat féin an fhoirm thoilithe a shíniú. Má tá tú 15 bliana d'aois nó níos óige, is gá do thuismitheoir nó do chaomhnóir an fhoirm thoilithe a léamh agus a shíniú lena chinntiú go bhfaighidh tú an vacsaín HPV ar scoil.

Má fhaigheann páiste a scolaíocht sa bhaile nó a bhfuil an vacsaín á fáil aige nó aici i gclinic pobail, le do thoil, tabhair an fhoirm thoilithe ar ais chuig foireann imdhíonta an FSS.

An áit ar féidir leat tuilleadh eolais a fháil

Má tá aon cheist agat, pléigh iad le ball de d'fhoireann vacsaínithe FSS, d'altra sláinte poiblí nó do dhochtúir teaghlaigh.

Is féidir leat dul chuig **www.hpv.ie** agus **www.immunisation.ie** chun físeáin agus bileoga eolais a fháil maidir leis na vacsaíní.

Is féidir leat naisc a fháil freisin leis na bileoga faisnéise othair don vacsaín ag **www.hpra.ie**. Cuardaigh Gardasil 9 (HPV) chun an bhileog faisnéise othair ábhartha a léamh.



Ráiteas Príobháideachais: Chun vacsaín a thabhairt go sábháilte agus chun na sonraí riachtanacha le haghaidh monatóireacht agus bainistiú vacsaíní a thaifeadh beidh FSS ag próiseáil do shonraí pearsanta. Beidh na sonraí go léir a phróiseálann FSS i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí éagsúla lena n-áirítear na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018, Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, RGCS), agus an tAcht um Aitheantóirí Sláinte, 2014. Próiseálfar do shonraí go dleathach agus go cothrom. Ní phróiseálfar na sonraí ach chun críocha sonracha lena n-áirítear chun vacsaíní a bhainistiú, cláir vacsaínithe a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, cliaint a dhearbhu agus cúram sláinte a sholáthar. D'fhéadfadh comhroinnt sonraí idir ranna FSS tarlú freisin.



Coinníonn an Feachtas um Vacsaíniú Cúitimh HPV oidhreacht Laura Brennan beo, duine ar chabhraigh a tacaíocht le glacadh vacsaíne HPV in Éirinn a chlaohlú.

Maidir le Laura Brennan

Feachtasóir agus tacadóir ar son na vacsaíne HPV ab ea Laura Brennan arbh as Inis, Co. an Chláir di. Fuair sí bás de bharr ailse ceirbheacs in 2019 agus í 26 bliain d'aois.

Tá clár faisnéise RTÉ 'Laura Brennan: This Is Me', a leanann na tréimhsí deireanacha dá saol, le fáil anois ar Sheinnteoir RTÉ.

Samhain 2025

Oifig Náisiúnta Imdhíonta FSS.

HN101901